An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Ardscoil Phádraig
Granard, County Longford
Uimhir Rolla: 71710I

Dáta na cigireachta: 26 Feabhra 2010

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

TUAIRISC CHIGIREACHT ÁBHAIR

Scríobhadh an tuairisc seo tar éis cigireacht ábhair in Ardscoil Phádraig. Leagann sé amach tátail na meastóireachta maidir le cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Ghaeilge agus déanann moltaí d'fhorbairt theagasc an ábhair seo sa scoil. Rinneadh an mheastóireacht thar lá amháin inar thug an cigire cuairt ar sheomraí ranga agus inar breathnaíodh an teagasc agus an fhoghlaim. Bhí caidreamh ag an gcigire leis na scoláirí agus leis na múinteoirí, scrúdaíodh obair na scoláirí agus rinneadh plé leis na múinteoirí. D'athbhreithnigh an cigire doiciméid phleanála na scoile agus ullmhúchán scríofa na múinteoirí. Tar éis na cuairte meastóireachta, thug an cigire aiseolas ó bhéal ar thorthaí na meastóireachta don phríomhoide agus do na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

Tá Ardscoil Phádraig páirteach sa scéim *Delivering Equality of Opportunity in Schools* (*DEIS*).

Tá leibhéal maith soláthair agus tacaíochta ar fáil don Ghaeilge ar churaclam na scoile agus bhí sí feiceálach i dtimpeallacht na scoile. Triúr múinteoirí atá ar fhoireann teagaisc na Gaeilge. Duine amháin de na múintreoirí seo atá ar bhuanfhoireann na scoile agus tá an bheirt eile roinnte le dhá scoil eile atá i scéim an choiste gairmoideachais. Aithnítear go gcruthaíonn socruithe mar seo srianta áirithe don bhainistíocht maidir le dea-chleachtais a chur i bhfeidhm i réimsí mar soláthar ama agus dáileadh tréimhsí ranga le linn na seachtaine agus dáileadh na ranganna ar fad ar mhúinteoirí atá lán-cháilithe. Tá an bheirt mhúinteoirí atá roinnte le scoileanna eile lán-cháilithe chun an Ghaeilge a mhúineadh ach is ag an múinteoir atá ar bhuanfhoireann na scoile atá formhór na ranganna, socrú atá sa scoil le blianta. Aithníonn an bhainistíocht gur gá múinteoir lán-cháilithe a bheith ar bhuanfhoireann na scoile. Moltar go ndéanfaí socruithe cuí i gcomhar leis an gcoiste gairmoideachais chun an deacracht seo a réiteach.

Líon beag scoláirí atá i ngach bliainghrúpa agus clár agus fágann sé seo gur rang cumais mheasctha atá i mbeagnach gach rang. Spreagtar gach scoláire chun staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge agus i gcás na sraithe sóisearaí, fágtar cinntí maidir leis an leibhéal ag a ndéanann siad an scrúdú go dtí an tríú bliain. Tá an méid ama atá ar fáil don Ghaeilge sa tsraith shinsearach sásúil ach is gá cur le líon na dtréimhsí atá ar fáil in aghaidh na seachtaine do na ranganna sa tsraith shóisearach. Sa bhreis air sin ba cheart gach iarracht a dhéanamh na tréimhsí ranga a dháileadh níos cothroime le linn na seachtaine i gcás gach bliainghrúpa.

Ag am na meastóireachta bhí díolúine ó staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge luaite le 13% de mhóriomlán an rollacháin agus bhíothas ag feitheamh le cinneadh i gcúpla cás eile. Ag teacht le dea-chleachtas, déanann an bhainistíocht gach iarracht ranganna tacaíochta cuí a sholáthar do scoláirí a bhíonn ina dteideal nuair a bhíonn na ranganna Gaeilge ar siúl.

Tá soláthar maith áiseanna agus acmhainní ar fáil do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge. Áirítear orthu seo rochtain ar sheomra ríomhaireachta na scoile agus áiseanna eile teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) ar féidir a úsáid sna seomraí ranga. Ní mór áfach na háiseanna seo a chur san áireamh agus pleanáil agus ullmhúchán ar bun do ranganna. Is iad na scoláirí a bhíonn lonnaithe sna seomraí ranga. Ar mhaithe le fáil mhúinteora ar acmhainní agus ar áiseanna a éascú moltar don bhainistíocht féachaint ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le seomra ranga nó dhó a dhíriú ar na teangacha. Sa bhreis air sin b'fhiú fardal de na háiseanna agus de na hacmhainní atá ar fáil a chruthú rud a d'éascódh a gcothabháil agus a gcoimeád cothrom le dáta.

Bhí fianaise ar fáil go mbaintear leas as na deiseanna forbartha gairmiúla a bhíonn ar fáil i réimsí na Gaeilge agus na TFC.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

Léiríonn an plean don Ghaeilge agus an plé a rinneadh leis na múinteoirí agus leis an bpríomhoide go bhfuil súil chun cinn ar fhorbairt leanúnach a dhéanamh chun an soláthar oideachasúil is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais na scoláirí a chur ar fáil agus a n-ionchais a ardú agus go bhfuil cinntí agus céimeanna cuí á nglacadh chuige sin. Bhí barr-chleachtas le sonrú i ngnéithe difriúla den phlean don ábhar, plean ar bhain cáilíocht mhaith leis. Sa bhreis air sin léirigh miontuairiscí go mbíonn cruinnithe rialta ag na múinteoirí Gaeilge, go ndéantar comhphleanáil do ranganna atá roinnte idir mhúinteoirí agus go roinneann siad obair agus dualgaisí na roinne ar a chéile. Bhí fianaise ar fáil sna miontuairiscí chomh maith, agus tá ard mholadh ag dul don fhorbairt seo agus don tionscnaíocht a ghabhann leis, de chruinnithe a bheith á reáchtáil idir roinn na Gaeilge agus roinn na Fraincise chun dea-chleachtais teagaisc agus foghlama teanga a phlé agus a chur chun cinn trasna an churaclaim.

Bhí na pleananna don ábhar do na bliainghrúpaí difriúla, rang na hArdteistiméireachta Feidhmí san áireamh, leagtha amach in aghaidh an téarma. Shonraigh siad aidhmeanna soiléire agus na topaicí a bhí le clúdach i ngach téarma. Moltar go háirithe úsáid na filíochta sna blianta luatha den tsraith shóisearach agus na tagairtí den difreáil a bhí le déanamh ar an bhfoghlaim. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na pleananna do na bliainghrúpaí difriúla, moltar go leagfaí amach na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo ag céimeanna difriúla agus ag na leibhéil éagsúla. Cabhróidh sé seo pleanáil níos fearr a dhéanamh do dhifreáil na foghlama agus a fheidhmiú. Ba cheart na feidhmeanna teanga mar atá luaite sna siollabais agus na ceithre phríomhscil teanga atá le forbairt a chur san áireamh agus na torthaí foghlama á bhforbairt. Is féidir leas a bhaint as na feidhmeanna teanga chomh maith chun na míreanna den ghramadach a nascadh leis an ábhar agus pleanáil a dhéanamh d'fhorbairt chéimnithe ar fheasacht teanga na scoláirí. Moltar béim ar leith a bheith ar chomhréir na teanga. Maidir leis an bplean don Ardteistiméireacht Fheidhmeach moltar go mbeadh sonraí níos iomláine ar fáil maidir le hábhar na n-eochair-chleachtaí ar leith a dhéantar. Ó thaobh na scríbhneoireachta de, moltar nach mbeadh an bhéim sa chéad bhliain mar shampla ach ar tascanna gearra scríbhneoireachta agus go ndéanfaí an scil a fhorbairt de réir a chéile. Bunaithe ar an mbreathnóireacht sna ranganna go ginearálta, ní mór an gnáth-theanga ranga a bheadh de dhíth ar na scoláirí i nGaeilge a chur san áireamh sa phleanáil don chéad bhliain.

Ba cheart aon nótaí monatóireachta nó athbhreithne a shonrú sna doiciméid phleanála agus leas a bhaint as na torthaí ar mheasúnú ar fhoghlaim na scoláirí chun an phleanáil a threorú.

Bhí pleanáil agus ullmhúchán déanta do na ranganna ar fad a breathnaíodh. Bhain barrchleachtas leis na cásanna sin inar thacaigh na modheolaíochtaí agus straitéisí a roghnaíodh le rannpháirtíocht ghníomhach na scoláirí a spreagadh agus le difreáil na foghlama.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

Ar an iomlán bhain cáilíocht mhaith le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge. Ag teacht le dea-chleachtas glaodh an rolla agus seiceáladh obair bhaile ag an tús i bhformhór na ranganna. Cuireadh ábhar an cheachta in iúl do na scoláirí ag tús an ranga i ngach cás. Bhain barr-chleachtas leis an gcás sin inar cuireadh in iúl do na scoláirí a mbeadh siadsan ábalta a dhéanamh mar thoradh ar obair an ranga agus inar iarradh orthu machnamh ar a gcuid foghlama ag deireadh an ranga. Moltar go mbeadh sé seo mar ghnáthchleachtas i ngach rang.

Úsáideadh réimse cuí de mhodheolaíochtaí agus de straitéisí teagaisc agus foghlama i bhformhór na ranganna. Bhain scoth-chleachtas leis an gcás sin ina raibh mar thasc ag scoláirí eolas a bhailiú trí shuirbhé a dhéanamh ar na scoláirí sa rang agus inar tugadh freagrachtaí éagsúla dóibh. Chruthaigh an tasc seo go leor deiseanna chun difreáil a dhéanamh ar an bhfoghlaim agus na scoláirí uile a bheith gníomhach san obair agus i líonadh na mbearnaí eolais. Bhí na scoláirí go hiomlán ar a gcompord agus ba léir taithí a bheith acu ar chur chuige mar seo. Is léir taithí a bheith sa roinn ar dhifreáil a dhéanamh ar fhoghlaim an ábhair agus ba cheart é a chur i bhfeidhm i ranganna eile chomh maith. Agus ranganna ag ullmhú do scrúduithe ag leibhéil dhifriúla ba cheart tosú le hábhar a bheadh comónta do gach scoláire ag tús an cheachta agus difreáil mar is cuí a dhéanamh ansin ar na tascanna scríofa a bheadh bunaithe air. Arís agus obair ar bun ar thasc éisteachta, d'fhéadfaí difreáil a dhéanamh ar na ceisteanna a bheadh bunaithe air ag teacht le hinniúlacht na ngrúpaí difriúla.

Breathnaíodh dea-chleachtas i múineadh na litríochta sa chás sin inar iarradh ar scoláirí achoimre ó bhéal a thabhairt ar ábhar dáin. Ba léir go raibh an obair seo dúshlánach do scoláirí áirithe ach léirigh an múinteoir an-fhoighne agus úsáideadh geáitsíocht agus tugadh go leor ama dóibh chun ceisteanna spreagthaigh a fhreagairt. B'fhiú féachaint ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le pictiúir agus le fearais eile a úsáid mar thaca don obair seo.

Úsáideadh an Ghaeilge mar theanga theagaisc agus chumarsáide i bhformhór na ranganna. Léirigh na scoláirí gurb í seo a ngnáth-thaithí sna cásanna sin agus chuir cúpla scoláire ceisteanna ar an múinteoir i nGaeilge ar ábhar an ranga. Ba cheart an cleachtas seo a leathnú agus na scoláirí a chumasú mar is cuí chuige sin. I gcás áirithe ina raibh ullmhúchán ar bun do bhéaltriail bhí ró-bhéim ar aistriúchán go Béarla ar cheisteanna a cuireadh ar na scoláirí. Mar a rinneadh anois agus arís, ba cheart na ceisteanna a chur ar na scoláirí féin agus a cheangal lena dtaithí, am a thabhairt dóibh chun iad a fhreagairt i nGaeilge agus straitéisí eile a úsáid a chabhródh riachtanas an aistriúcháin a sheachaint. Rachadh cur chuige mar seo níos mó chun a leasa i sealbhú na teanga agus chuirfeadh sé leis an méid Gaeilge a bheadh le cloisteáil ó na scoláirí féin agus lena muinín ina húsáid.

Tugadh an-mholadh do na scoláirí as a n-iarrachtaí agus ba léir comh-mheas a bheith idir na múinteoirí agus na scoláirí sna ranganna ar fad. Bhí ionchais arda foghlama ag na múinteoirí do na scoláirí, cothromh lena gcumas, sna ranganna ar fad. Léirigh na scoláirí go raibh siad sásta an obair a dhéanamh agus go raibh dul chun cinn sásúil á dhéanamh ag a bhformhór. Ba é an clár bán ba mhó a úsáideadh chun freagraí, foclóir agus nathanna a thaifeadadh le linn ranganna. Aithníonn na múinteoirí féin nach mór dóibh níos mó iarrachta a dhéanamh chun na háiseanna atá

ar fáil, ar nós osteilgeoirí agus áiseanna TFC, a chur san áireamh agus pleanáil agus ullmhúchán ar bun do ranganna.

MEASÚNÚ

Tá polasaí scríofa obair bhaile ag an scoil. Sa chéad athbhreithniú eile a dhéanfar air ba cheart a chinntiú go bhfreastalóidh sé ar na príomhscileanna teanga atá le forbairt. Tá fócas ar leith scoile uile i mbliana ar úsáid dhialanna scoile na scoláirí agus ba léir san athbhreithniú a rinneadh ar shampla de na dialanna sna ranganna ar tugadh cuairt orthu go bhfuil an obair seo éifeachtach sna bliainghrúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Déantar measúnú rialta ar dhul chun cinn na scoláirí. Tagann na modhanna measúnaithe a úsáidtear le dea-chleachtas de bhrí go gcuirtear na scileanna teanga ar fad san áireamh sa phróiseas i gcás gach bliain ghrúpa. Cuirtear béaltriail ar na scoláirí sa chéad bhliain le linn an chéad téarma chun éachtaint a fháil ar a gcumas cumarsáide sa teanga. Tá an-mholadh ag dul dó seo. Sa bhreis ar na scrúduithe rialta a bhíonn rang-bhunaithe, seoltar tuairiscí bunaithe ar scrúduithe foirmeálta tí abhaile trí huaire le linn na scoilbhliana. De réir mar a bheidh na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo á bhforbairt do na céimeanna agus leibhéil dhifriúla mar atá luaite sa chuid sin den tuairisc seo a bhaineann le pleanáil agus ullmhúchán, ba cheart iad a úsáid mar chritéir don mheasúnú agus na scrúduithe á ndearadh.

Léirigh na samplaí de cóipleabhair agus d'fhillteáin na scoláirí a ndearnadh athbhreithniú orthu go raibh obair déanta ar réimse cuí oibre sna cláir dhifriúla a sholáthraíonn an scoil. Bhí fianaise iontu go raibh seiceáil agus ceartúcháin rialta á ndéanamh ag na múinteoirí ar an obair. Chun forbairt air agus tacú leis an gcleachtas a breathnaíodh i rang amháin de na scoláirí a bheith ag machnamh ar a gcuid foghlama moltar, nuair a bhíonn obair scríofa na scoláirí á ceartú, go dtabharfaí aitheantas dóibh as a mbeadh déanta go maith nó i gceart acu, go gcuirfí bearnaí ina gcuid foghlama in iúl dóibh agus go dtabharfaí treoir dóibh ar bhealaí chun í a fheabhsú. Tá breis eolais ar na priosabail a ghabhann leis an measúnú chun foghlama le fáil ag *www.action.ncca.ie/ga/afl*. Ba cheart na prionsabail seo a chur san áireamh i bpolasaí obair bhaile na scoile agus sna cleachtais mheasúnaithe go ginearálta.

Coimeádann na múinteoirí taifid an-mhaith ar ghnóthachtálacha na scoláirí sna scrúduithe difriúla a dhéanann siad. Déanann an príomhoide anailís ar ghnóthachtálacha na scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta. Ba cheart na torthaí ar aon anailís a dhéantar ar ghnóthachtálacha na scoláirí sna scrúduithe stáit agus tí a chur san áireamh ar chlár cruinnithe na roinne agus iad a úsáid i leagan amach na bpleananna don ábhar agus ina monatóireacht.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

Is iad seo a leanas na príomhbhuanna a aithníodh sa mheastóireacht:

- Tá leibhéal maith soláthair agus tacaíochta ar fáil don Ghaeilge ar churaclam na scoile agus bhí sí feiceálach i dtimpeallacht na scoile.
- Baintear leas as deiseanna forbartha gairmiúla a bhíonn ar fáil i réimsí na Gaeilge agus na TFC.
- Tá cinntí agus céimeanna cuí á nglacadh chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar an soláthar oideachasúil atá ar fáil chun a chinntiú gurb é is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais na scoláirí agus chun a n-ionchais a ardú.

- Bhí barr-chleachtas le sonrú i ngnéithe difriúla den phlean don ábhar.
- Ar an iomlán bhain cáilíocht mhaith le teagasc agus le foghlaim na Gaeilge, úsáideadh réimse cuí de mhodheolaíochtaí agus de straitéisí teagaisc agus foghlama agus an Ghaeilge mar ghnáth-theanga theagaisc agus chumarsáide i bhformhór na ranganna.
- Tugadh an-mholadh do na scoláirí as a n-iarrachtaí agus ba léir comh-mheas a bheith idir na múinteoirí agus na scoláirí sna ranganna ar fad.
- Tagann na modhanna measúnaithe a úsáidtear le barr-chleachtas.
- Coimeádann na múinteoirí taifid an-mhaith ar ghnóthachtálacha na scoláirí.

Déantar na mórmholtaí seo a leanas ar mhaithe le cur leis na buanna seo agus le réimsí forbartha a aithint:

- Moltar go gcinnteodh an bhainistíocht go mbeadh múinteoir lán-cháilithe don Ghaeilge ar bhuanfhoireann na scoile.
- Moltar cur le líon na dtréimhsí ranga in aghaidh na seachtaine atá ar fáil don Ghaeilge sa tsraith shóisearach agus gach iarracht a dhéanamh ar dháileadh níos cothroime le linn na seachtaine a bheith ar na tréimhsí ranga a bhíonn ar fáil do gach bliainghrúpa.
- Moltar béim a leagadh sa phleanáil don ábhar ar na torthaí foghlama a mbeifí ag súil leo agus ar fheasacht teanga na scoláirí a fhorbairt. I gcás na hArdteistiméireachta Feidhmí moltar go mbeadh sonraí níos iomláine ar na heochair-chleachtaí sa phlean.
- Moltar go mbeadh sé mar ghnáthchleachtas i ngach rang, agus mar a breathnaíodh i gcás amháin, na torthaí foghlama a roinnt leis na scoláirí ag tús ranga agus deis a thabhairt dóibh machnamh ar a gcuid foghlama ag deireadh ranga.
- Moltar na samplaí dea-chleachtais de dhifreáil a breathnaíodh i roinnt ranganna a leathnú chuig ranganna eile agus na stíleanna difriúla foghlama chomh maith leis na leibhéil éagsúla cumais a chur san áireamh agus ullmhúchán ar bun do ranganna.

Eagraíodh cruinnithe iarmheastóireachta leis na múinteoirí Gaeilge agus leis an bpríomhoide ag deireadh na meastóireachta mar ar cuireadh i láthair agus ar pléadh na dréacht-chinntí agus moltaí.

Foilsithe, Nollaig 2010

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

The Board of Management welcomes this report and expresses its appreciation to the inspector and to the teachers involved.

Réimse 2: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

- A fully qualified teacher of Irish has been appointed to the school.
- Many of the recommendations have already been implemented or are being worked on with a view to their early implementation.